

Staidéar Féidearthachta Etwinning Staidéar Féidearthachta ar Chomhtháthú eTwinning in Earnáil an Oideachais agus an Chúraim Luath-Óige in Éirinn



ÁBHAR

Acrainmneacha	1
Tábla na dTáblaí	3
Achomaireacht	4
Réamhrá.....	4
Stair agus Cuspóir na Tuarascála seo	4
Réasúnaíocht don Fhoghlaim Ghairmiúil trí eTwinning	5
OCL in Éirinn: An Comhthéacs Stairiúil.....	6
Comhthéacs Polasaí Stairiúil.....	6
An Straitéis Náisiúnta Leanáí (2000)	7
An Páipéar Bán; Ready to Learn.....	8
Creataí Cleachtais Náisiúnta	8
Clár um Bliain Réamhscoile Saor in Aisce.....	8
An Clár Cáilíochta	8
Seirbhísí Luathbhlianta a Rialáil.....	9
Cigireachtaí Fócasaithe ar Oideachas sna Luathbhlianta.....	9
An Chéad 5: Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanáí Óga agus a dTeaghlaigh 2019 - 2028.....	9
Forbairt Lucht Saothair.....	10
Comhthéacs Reatha SOL in Éirinn	10
OCL agus Tionscadail Eorpacha	11
Modheolaíocht.....	12
Torthaí	12
Téama Cáilíochtúil Ceist 7a: ‘Eispéiris Luathbhlianta na Leanáí’.....	14
Téama Cáilíochtúil Ceist 7b: ‘Forbairt Ghairmiúil Oideoirí na Luath-Óige’	15
Téama Cáilíochtúil Ceist 7c: ‘Saincheisteanna Beartais OCL’.....	15
Téama Cáilíochtúil Ceist 8a: ‘Am’	15
Téama Cáilíochtúil Ceist 8b: ‘Bacainní Teanga’.....	15
Téama Cáilíochtúil Ceist 8c: ‘Rialachas agus Bainistíocht’	16
Plé.....	16
Críoch	18
Moltaí.....	19

Tagairtí.....	20
Foscúibhinn.....	23

ACRAINMNEACHA

AE	An tAontas Eorpach
CCCL	Coiste Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí
CCDCL	An Clár Comhdheiseanna Cúraim Leanaí
CFFS	Clár Foghlama ar Feadh an tSaoil
CLAS	Cúram Leanaí in Aois Scoile
CNACL	Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh
CNCM	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
COL	Cúram agus Oideachas na Luath-Óige
DCCAD	Dlí agus Cirt, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí
ECFE	An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta
FCL	Foghlaim agus Cúram na Luath Óige
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
LÉ	Luath-Óige Éireann
LOFL	An Lárionad Oideachais agus Forbartha don Luath-Óige
LTLÉ	Líonra Taighde Leanaí Éireann
OCL	Oideachas agus Cúram na Luath-Óige
OTA	Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh
PG	Príomhghníomh
RGCS	An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí
RLCMLÓ	An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
RLGÓ	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
ROS	An Roinn Oideachais agus Scileanna
RSL	An Roinn Sláinte agus Leanaí
TUSLA	An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

TÁBLA NA DTÁBLAÍ

Figiúr 1: Próifíl Rannpháirtí

Figiúr 2: Spéis Rannpháirtithe i Rannpháirtíocht in eTwinning

Figiúr 3: Cineálacha Soláthraí Seirbhíse Luath-Óige

ARNA ULLMHÚ AG:

An Dr Rita Melia – Ollscoil Teicneolaíochta An Atlantaigh – Campas Na Gaillimhe Agus Mhaigh Eo

Karen Higgins – An Coláiste Forásach

Dr Carol-Ann Ó'Sioráin – Coláiste Hibernia

Marcia Lacey – An Coláiste Forásach

ACHOMAIRIACHT

Rinne foghrúpa de Líonra Taighde Leanaí Éireann (LTLÉ), an foghrúpa ‘Taighde Luath-Óige’, an staidéar féidearthachta seo thar ceann Léargas; an Ghníomhaireacht Náisiúnta le haghaidh Erasmus+ san Oideachas Aosach, san Oideachas Scoile, sa Ghairmoideachas agus Gairmoiliúint, agus san Óige. Bhí sé mar aidhm ag an gcleachtadh scóipeála seo iniúchadh a dhéanamh ar na leibhéil spéise in earnáil Oideachas agus Cúram na Luath-Óige (OCL) in Éirinn i dtéarmaí rannpháirtíochta i dtionscadail eTwinning atá saindeartha don earnáil OCL. Ba iad baili LTLÉ Karen Higgins agus Marcia Lacey ón gColáiste Forásach (cuid de Ghrúpa Oideachais na Cathrach), an Dr Rita Melia, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA), Campas na Gaillimhe agus Mhaigh Eo, agus an Dr Carol-Ann Ó Sioráin, Coláiste Hibernia, a bhí i gceannas ar an bhfoghrúpa a rinne an staidéar. Cuireadh athbhreithniú ar stair agus ar chomhthéacs reatha an OCL in Éirinn i láthair, a chuimsigh breac-chuntas ar rannpháirtíocht earnáil OCL na hÉireann i dtionscadail Eorpacha arna dtacú ag Léargas. Forbraíodh suirbhé agus scaipeadh ar an earnáil é trí líonraí na gcoistí contae i gúram leanaí agus trí ardáin meán sóisialta eile a bhfuil rochtain ag an earnáil OCL orthu in Éirinn.

Ar an iomlán, chomhlánaigh 57 rannpháirtí an suirbhé, a raibh 70% (n=40) díobh ina n-úinéirí nó ina mbainisteoirí ar shuíomh OCL. Ba cheannairí foirne agus oideoirí iad 19% de na rannpháirtithe (n=11) agus roghnaigh 11% (n=6) de na rannpháirtithe ‘Eile’. B’iad na rannpháirtithe ‘eile’ léachtóirí/teagascóirí OCL, soláthraí cúraim leanaí d’aois scoile agus soláthraí a oibríonn suíomh cúraim lae iomláin faoin aer. Dheimhnigh na torthaí go raibh rannpháirtithe i bhfabhar ardán eTwinning go sonrach don earnáil OCL, ach freisin chun freastal ar riachtanais na hearnála cúraim leanaí d’aois scoile atá ag dul i méid, a rialaíodh in Éirinn in 2018. Aithníodh na buntáistí a bhaineann le hardán sonrach a bheith ag an earnáil OCL mar rudaí a bhfeabhsódh eispéiris cháilíochta OCL do leanaí óga, forbairt ghairmiúil d’oideoirí OCL, agus aitheantas do ról tábhachtach oideoirí OCL go náisiúnta agus ar leibhéal Eorpach. I measc na ndúshlán a aithníodh bhí an tiomantas ama chun páirt a ghlacadh i dtionscadail eTwinning, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), agus imní maidir le toiliú. Aithníodh moltaí bunaithe ar thorthaí an staidéir faoi thrí cheanteideal: cleachtas, beartas agus taighde.

RÉAMHRÁ

Stair agus Cuspóir na Tuarascála seo

Tá foghlaim ghairmiúil múinteoirí ar fud na n-earnálacha bun scoile agus iar-bhunscoile in Éirinn faoi iniúchadh leanúnach mar is trí chlárú le comhlacht um chaighdeán ghairmiúla a ndéantar na gairmeacha seo a rialáil agus baineann luach polaitiúil leo. Tacaíonn maoiniú rialtais le hoiliúint tosaigh múinteoirí, le hionductú agus le foghlaim ghairmiúil do na hearnálacha seo agus dá bhrí sin tá gá le fírinniú a dhéanamh ar cháilíocht agus ar leibhéal na rannpháirtíochta le fás fianaise i ngairmiúlacht agus i dtorthaí foghlama ardchaighdeán do dhaltaí, do mhic léinn agus dá bpobail. Agus bliain réamhscoile uilíoch saor in aisce tugtha isteach sa bhliain 2010 do gach leanbh don bhliain roimh dóibh freastal ar an mbunscoil in Éirinn, aithníodh Oideachas agus Cúram na Luath-Óige (OCL) as an tionchar tábhachtach atá aige ar fhorbairt iomlánaíoch agus ar fhoghlaim leanaí. Is eagraíocht sheachbhrabúsach sheanbhunaithe í Léargas – an Ghníomhaireacht Náisiúnta le haghaidh Erasmus+ san Oideachas Aosach, san Oideachas Scoile, sa Ghairmoideachas agus Gairmoiliúint, agus san Óige – a oibríonn faoi shainchúram na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Is é misean

Léargas ná comhoibriú agus malartú idirnáisiúnta a chumasú, tionscadail chomhoibríocha idirchultúrtha idir Éire agus tíortha eile a chur chun cinn agus a mhaoiniú, agus beartas náisiúnta agus Eorpach a chur chun cinn. Gné amháin den phróiseas malartaithe eolais a dtugann Léargas tacaíocht dó ná eTwinning.

Is ardán ar líne saor in aisce é eTwinning a thairgeann deiseanna rannpháirtíochta agus comhpháirtíochta i dtionscadail chomhoibríocha, agus malartú eolais do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna. Chomh maith leis sin, cuireann sé deiseanna um Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) ar fáil do mhúinteoirí le linn na saoire scoile. Maoinear tionscadail eTwinning tríd an Aontas Eorpach (AE) agus riartar iad tríd an Eagraíocht Tacaíochta Náisiúnta (Léargas in Éirinn). Ar fud na hEorpa faoi láthair tá ardáin eTwinning ar leith ann d'institiúidí agus d'fhoireann oideachais bunscoile agus iar-bhunscoile chun dul i dteagmháil le tionscadail eTwinning agus páirt a ghlacadh iontu. Mar sin féin, ós rud é gur rannpháirtí sách nua é OCL le bheith aitheanta sa réimse oideachais, níl aon chlár eTwinning a bhaineann go sonrach leis an earnáil OCL.

Chuaigh Léargas i dteagmháil le foghrúpa Grúpa Sainleasa 'Taighde na Luath-Óige' de chuid Líonra Taighde Leanaí Éireann (LTLÉ) chun staidéar scóipe a dhéanamh leis na leibhéil spéise san earnáil OCL in Éirinn a iniúchadh i dtéarmaí rannpháirtíochta i dtionscadail eTwinning atá saindeartha go sonrach don earnáil OCL. Is líonra comhoibríoch é an LTLÉ den phobal taighde in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann ar spéis leis tuiscint níos fearr a fháil ar eispéiris saoil leanaí agus daoine óga.

Is grúpa seachbhrabúsach é le cúig ghrúpa sainleasa. Tar éis plé a dhéanamh, bhunaigh baill den líonra fochoiste beag. Rinne comhaltaí an fhoghrúpa ionadaíocht ar thrí institiúid oideachais faoi cheannas an Choláiste Fhorásaigh (cuid de Gh-rúpa Oideachais na Cathrach), Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA), Campas na Gaillimhe agus Mhaigh Eo agus Coláiste Hibernia. Bunaíodh an próiseas agus coinníollacha an chonartha chun an staidéar féidearthachta a dhéanamh.

Réasúnaíocht don Fhoghlaim Ghairmiúil trí eTwinning

Cuireann Kennedy (2014) fianaise ar fáil nach mbíonn cleachtas claochlaithe i gcónaí mar thoradh ar rannpháirtíocht i bhfoghlaim ghairmiúil fhoirmiúil (bronnadh). Déanta na fírinne, áitíonn Kennedy (2014) go bhfuil fianaise láidir taighde ann a thugann le tuiscint go dtagann fás ar chéannacht, luachanna, scileanna agus cleachtais ghairmiúla agus go dtagann feabhas ar eolas agus ar thuiscint ghairmiúil, mar thoradh ar fhoghlaim ghairmiúil nach bhfuil chomh foirmiúil sin a chruthaíonn samhla comhoibrítheacha fiosrúcháin. Cuireann Evaluation of eTwinning Report in Ireland (D'Arcy, 2020) fianaise láidir ar fáil maidir le rathúlacht an ardáin seo d'fhoghlaim ghairmiúil trasna an bhunoideachais agus an iar-bhunoideachais. Deis a mholtar sa tuarascáil mheastóireachta seo is ea scóip eTwinning a leathnú chuig gach earnáil oideachais, go háirithe grúpaí faoi ghannionadaíocht. Is earnáil í OCL nach bhfuil dóthain ionadaíocht uirthi san fhoghlaim ghairmiúil leanúnach. Oslóidh eTwinning geataí chuig deiseanna comhoibríocha agus chuig an bhfoghlaim ghairmiúil. Tá tábhacht na foghlama gairmiúla tosaigh d'ardchaighdeán in earnáil na luath-óige seanbhunaithe sa taighde. Ina theannta sin, áitíonn an taighde ar son FGL d'ardchaighdeán (Lazarri et al., 2013; Vandebroek et al., 2016). Níl an luach polaitiúil céanna ag OCL in Éirinn agus mar sin tá cleachtóirí/oideoirí na luath-óige, a gcomhghleacaithe agus a n-úinéirí seirbhíse freagrach as forbairt ghairmiúil. Cé go bhfuil roinnt maoinithe ar leibhéal íseal ar fáil trí sheirbhísí pobalbhunaithe, tríd an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) agus an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (TUSLA), is le haghaidh clár bhronnta é. Leagtar síos deiseanna oideachais maoinithe go poiblí lena chinntiú go gcomhlíonann seirbhísí cúraim leanaí na híoschaighdeán a leagtar síos le haghaidh iniúchta agus rialaithe, mar atá leagtha amach sa reachtaíocht. Faoi láthair, ní cheanglaítear ar chleachtóirí luath-óige in Éirinn clárú le comhlachas gairmiúil; agus ní cheanglaítear orthu céim onórach a bheith acu sa luath-óige le bheith fostaithe i seirbhís luathbhlianta/luath-óige. Ina theannta sin, níl aon cheanglas clárúcháin leanúnach ann chun scileanna oideachais a fheabhsú nó a chur chun cinn.

Tá pleananna leagtha amach in An Chéad 5: Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlach 2019 - 2028 (RLGÓ, 2019), áfach, chun lucht saothair faoi stiúir céimithe a ghiniúint faoi 2028.

Tá cur i láthair mionsonraithe sa tuarascáil seo ar chomhthéacs stairiúil an OCL agus leagtar síos inti an comhthéacs don chleachtadh scóipe taighde seo. Déantar cur síos inti freisin ar an gcaoi ar roghnaíodh an cur chuige taighde agus an mhod-

heolaíocht, i bhfianaise an mhionteagaisc a cuireadh i láthair don fhoireann taighde. Ag leanúint ar aghaidh ón modheolaíocht tá na torthaí, an plé, an tátal agus na moltaí.

OCL in Éirinn: An Comhthéacs Stairiúil

Maireann na chéad 5 bliana saolré agus imríonn siad tionchar marthanach ar an saghas duine a dhéantar dinn. Baineann rithábhacht le tús sona agus sláintiúil sa saol, tús a imríonn tionchar dearfach agus cothaitheach ar leanaí. Tá an tús agus na deiseanna is fearr sa saol tuillte ag ár leanaí chun a lánchumas a bhaint amach (Rialtas na hÉireann, 2018, lch.7).

Tá OCL ionadhbhunaithe sách nua i gcomhthéacs sóisialta na hÉireann. Chun tuiscint níos fearr a fháil ar fhorbairt na hearnála OCL in Éirinn tá sé tábhachtach breathnú siar ar an gcomhthéacs déimeagrafach, eacnamaíoch agus soch-chultúrtha ábhartha, atá tar éis athrú – agus atá de shíor ag athrú – in Éirinn. Mar bhuntaca leis na hathruithe sin, tá claochlú sóisialta agus polaitiúil agus tiomantas méadaithe beartais don OCL. I measc na dtionchar eile tá tuiscint mhéadaithe ar leanaí agus ar an óige, íomhá den leanbh mar leanbh cumasach agus inniúil (CNCM, 2007), agus gealltanais beartais chun tacú le cearta leanaí mar atá leagtha amach i gCoinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe um Chearta an Linbh (CNAACL, 1989).

Go stairiúil in Éirinn caitheadh le cúram agus le hoideachas leanaí óga mar aonáin ar leith; sholáthair tuismitheoir nó duine muinteartha, go príomha, ‘cúram’ sa teach agus sholáthair múinteoirí gairmiúla nó oideoirí ‘oideachas’ lasmuigh den teach. Is féidir an comhthéacs do chúram agus oideachas na luath-óige (COL) a rianú go dtí Acht na Leanaí (1908), ar doiciméad suntasach é maidir le cúram leanaí in Éirinn. Iarracht ab ea an doiciméad seo, a achtaíodh faoi riail na Breataine, chun saol leanaí a rialú agus dhírigh sé ar an gcóireáil a bhí orthu seachas ar a bpionós. Tugadh isteach oideachas éigeantach faoin Acht agus thug an Acht stádas dlíthiúil ar leith do leanaí (Kiernan agus Walsh, 2004).

Don chuid is mó den 20ú haois is léir ón taighde gur thug a máithreacha, go príomha, aire d’fhorhmór na leanaí in Éirinn ina dtithe féin.

Chinntigh toirmeasc ar mhná a bheith ag obair mar státseirbhísigh nó mar mhúinteoirí, a tugadh isteach i 1932, go raibh áit na mban sa bhaile (Arensberg agus Kimbell, 1940). De réir Curtin agus Varley (1984), b’iad a máithreacha, go príomha, a thug aire do leanaí sa bhaile le cabhair óna muintir. Aithníonn Hannan agus Katsiaouni (1977) agus Fahey agus McLaughlin (1999) ganntanas taighde doiciméadaithe le haghaidh cuid mhór den 20ú haois ina leagtar amach seasamh leanaí sa teaghlach agus sa tsochaí. Bíonn tionchar díreach ag athrú beartais ar athrú sóisialta, agus bhí tionchair shuntasacha ag cinneadh na hÉireann dul isteach i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa i 1973 agus deireadh a chur le ‘barra an phósta’ i 1974 ar mhná a raibh rochtain acu ar an lucht saothair agus/nó ar bhreiseoideachas agus oiliúint. Bhí tionchair shuntasacha ag na cinní sin ar áit na leanaí agus ar áit na dteaghlach sa tsochaí freisin. Le linn na tréimhse 1951 go 1991 mhéadaigh líon na mban pósta i bhfostaíocht íochta faoi sheacht. De réir Tovey agus Share (2003), tharla sé seo mar gheall ar oideachas níos fearr, laghdú ar rátaí torthúlachta agus an cumas pá ard a thuilleamh. Aithníodh an easpa cúraim leanaí chun tacú le rannpháirtíocht na mban sa lucht saothair mar bhac ar dheiseanna fostaíochta do mhná, áfach. Rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh suirbhé in 2003 ar staid an Chúraim Leanaí in Éirinn sna 1980idí agus sna 1990idí, inar léiríodh gurb iad teaghlaigh nó comharsana ba mhinice a chuir cúram leanaí ar fáil. (An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí [] 2004). Bhí soláthar an chúraim leanaí ionadhbhunaithe nó fhoirmiúil an-teoranta, le roinnt deiseanna sóisialaithe agus oideachais réamhscolaíochta á dtairiscint ar scála beag go príomha i suíomh baile.

Comhthéacs Polasaí Stairiúil

I mí Dheireadh Fómhair 1996, tugadh cuireadh do chomhpháirtithe sóisialta éagsúla páirt a ghlacadh i bpléit chun comhaontú náisiúnta a fhorbairt. De réir lucht déanta polasaithe an tráth sin ba chur chuige straitéiseach a bhí i gComhpháirtíocht 2000 maidir le Cuimsiú, Fostaíocht agus Iomaíochas, chun geilleagar agus sochaí na hÉireann a threorú isteach san 21ú

haois (Roinn an Taoisigh, 2000). I 1997 bunaíodh Meitheal Saineolaithe ar Chúram Leanaí i gcomhthéacs chomhaontú náisiúnta na Comhpháirtíochta 2000. Ba é ról na Meithele Saineolaithe ná Straitéis Náisiúnta um Chúram Leanaí a fhorbairt a dhíreodh ar sheirbhís chuimsitheach cúraim leanaí a fhorbairt chun freastal ar riachtanais tuismitheoirí a bhí ag obair nó ag staidéar nó a bhí i mbun na hoiliúna (RDCCAD, 2004).

Ar an leibhéal idirnáisiúnta mar a chéile, bhí lucht déanta polasaithe na hÉireann tiomanta do Chlár Oibre Liospóin (2000), a d'éiligh ar bhallstáit rannpháirtíocht na mban sa lucht saothair a mhéadú, agus do Chruinniú Mullaigh Barcelona, a bhunaigh roinnt spriocanna maidir le cúram leanaí agus oideachas na luath-óige faoi 2010 (Oifig an Aire Leanaí, 2007). I 1998, leithdháileadh 11 mhilliún punt Éireannach san iomlán de chistiú comhfhreagrach ón AE agus ón Státchiste chun seirbhísí cúraim leanaí in Éirinn a dhreasú agus a fhorbairt chun tacú le tuismitheoirí dul isteach sa lucht oibre nó páirt a ghlacadh ann, nó filleadh ar an oideachas nó ar an oiliúint (DCCAD, 2004). Ba é seo an chéad chéim shuntasach, ag leibhéal beartais agus infheistíochta, i dtreo seirbhísí cúraim leanaí atá ag forbairt a sholáthar in Éirinn. Ba é seo an chéad Chlár Comhdheiseanna Cúraim Leanaí (CCDCL) (I) 1998 – 1999. Tháinig CCDCL (II) ina dhiaidh sin ó 2000 – 2006. Ba iad príomhchuspóirí CCDCL I agus II ná líon na n-áiseanna agus na n-áiteanna cúraim leanaí a choinneáil agus a mhéadú; agus cur chuige comhordaithe a thabhairt isteach maidir le seirbhísí cúraim leanaí a sholáthar in Éirinn. Chuir na cláir CCDCL na rudaí seo a leanas ar fáil: caiteachas caipitil chun suíomhanna luathbhlianta a fhorbairt, maoiniú chun tacú le soláthar foirne le haghaidh suíomhanna luathbhlianta a bhainistítear go deonach, feabhsú cáilíochta agus tacaíochtaí riaracháin.

Mhol an Mheitheal Saineolaithe ar Chúram Leanaí go mbunófaí struchtúr contae do chúram leanaí (An Roinn Sláinte agus Leanaí, 2006). Mar thoradh air seo bunaíodh 33 Coiste Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí (CCCLanna) (ar a dtugtar Coistí Contae i gCúram Leanaí anois) ar fud na 26 contae agus cathair. Ba é ról na CCCLanna ná straitéis chomhordaithe a fhorbairt do sholáthar cúraim leanaí ina gcathair nó ina gcontae.

Fuair roinnt Coistí Deonacha Náisiúnta um Chúram Leanaí roinnt maoinithe freisin chun tacú le soláthar ardchaighdeán luathbhlianta, agus le hoiliúint agus le breisoiliúint na hearnála. Ní mór a thabhairt faoi deara gur clár maoinithe a bhí san CCCL chun tacú le tuismitheoirí dul isteach sa lucht oibre nó fanacht ann, nó rochtain a fháil ar oiliúint nó ar oideachas. Mar gheall ar sin, ba ghealltanais lucht saothair é an gealltanais beartais seo. Bhí sé mar aidhm ag an gclár maoinithe ina dhiaidh sin – an Clár Náisiúnta Infheistíochta sa Chúram Leanaí 2006 – 2010 – freagairt réamhghníomhach a thabhairt d'fhorbairt áitiúil ar thacaíochtaí agus ar sheirbhísí ardchaighdeán cúraim leanaí bunaithe ar riachtanais leanaí agus teaghlach (An Roinn Sláinte agus Leanaí, 2006).

An Straitéis Náisiúnta Leanaí (2000)

Éire ina bhfuil meas ar leanaí mar shaoránaigh óga a bhfuil ionchur le déanamh acu, a bhfuil meas air, agus a nguth féin acu; ina bhfuil cion ag gach aon leanbh agus ina dtugann teaghlach agus an tsochaí go forleathan tacaíocht dó nó di; ina mbaineann sé nó sí leas as óige atá sásúil agus ina n-éiríonn leis nó léi barr feabhais a n-acmhainneacht a bhaint amach (RSL, 2000, lch. 4).

Rinne fíis na Straitéise Náisiúnta Leanaí (2000) thuas cur síos ar fhís na hÉireann do leanaí agus do dhaoine óga thar thréimhse 10 mbliana ó 2000 – 2010. Ba é glacadh na straitéise 10 mbliana a foilsíodh in 2000 an fhorbairt beartais ba shuntasáí do leanaí agus do COL. Aithníonn an straitéis sé phrionsabal chun gach gníomh a threorú agus tú ag obair le leanaí, is iad sin, go gcaithfidh an obair a dhéantar le leanaí a bheith (1) leanbhhlárnach, (2) teaghlach dhírithé, (3) cothrom, (4) cuimsitheach, (5) comhtháite agus (6) dírithe ar ghníomh. Cuireadh tús le forbairt na Straitéise Náisiúnta Leanaí le daingniú na hÉireann ar an CNAEL i 1992 a thairgeann, de réir Hayes (2013, lch. 4), 'treoirphlean don chaoi inar féidir linn, mar dhaoine fásta, meas a léiriú ar leanaí agus ar dhaoine óga agus tacú leo'.

An Páipéar Bán; Ready to Learn

Bunaíodh an Fóram Náisiúnta um Oideachas Luath-Óige i 1998. Thug an fóram eagraíochtaí agus daoine aonair le chéile a bhfuil speis acu in oideachas na luath-óige. Leagtar amach sa Pháipéar Bán Ready to Learn (An Roinn Oideachais agus Scileanna [ROS], 1999) a bhunaíonn a chuid moltaí go príomha ar Thuarascáil 1998 an Fhórait Náisiúnta um Oideachas Luath-Óige, clár oibre chun ollchóiriú agus forbairt mhór a dhéanamh ar an earnáil luathbhlianta in Éirinn (O'Donnell, 2018). Ba é príomhthéama Ready to Learn ná an gá atá le soláthar OCL ardchaighdeán in Éirinn a chaighdeánú. D'aithin an chéad doiciméad beartais seo, a dhírigh go sonrach ar oideachas agus cúram leanaí faoi 6 bliana d'aois, cé go raibh fianaise ar sholáthar ardchaighdeán san earnáil OCL, go raibh gá freisin le soláthar a chaighdeánú.

Creataí Cleachtais Náisiúnta

Seoladh an Lárionad Oideachais agus Forbartha don Luath-Óige (LOFL) in 2002. Ba é ról an LOFL ná Clár Oibre cuimsitheach a chur i gcrích (Duignan, 2005) de bhun chuspóirí an Pháipéir Bháin Ready to Learn (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta [ROS], 1999). Foilsíodh Síolta: The National Quality Framework for Early Childhood Education (LOFL, 2006) in 2006 tar éis ceithre bliana de chomhairliúchán le páirtithe leasmhara éagsúla. Ó dhearcadh idirnáisiúnta, in 2004 rinne an ECFE Athbhreithniú Téamach ar Pholasáí Oideachais agus Cúraim don Luath-Óige in Éirinn (ECFE, 2004). Fuarthas amach san athbhreithniú seo go raibh an t-oideachas a cuireadh ar fáil i ranganna naíonán i mbunscoileanna na hÉireann ró-threorach agus foirmiúil (ECFE, 2004).

Cé nach raibh fáil ar aon treoirleáir ar churaclam i suíomhanna luathbhlianta in 2009, d'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige (CNCM, 2009), ar curaclam é atá bunaithe ar shúgradh a thacaíonn le foghlaim agus le forbairt leanaí i seirbhísí luathbhlianta agus sa chéad dá bhliain d'oideachas bunscoile.

Clár um Bliain Réamhscoile Saor in Aisce

In 2010, tugadh isteach bliain réamhscoile amháin a bhí ar fáil go huilíoch agus cuireadh síneadh ama bliana amháin eile léi in 2018. Tá an clár uilíoch dhá bhliain ar fáil do gach leanbh idir 2 bhliain agus 8 mí agus 5 bliana agus 6 mhí sula bhfreastalaíonn siad ar an mbunscoil. Ní mór do sheirbhísí OCL atá rannpháirteach sa chlár, clár oideachais agus cúraim iomchuí a sholáthar a chloíonn le prionsabail na gcreataí cleachtais náisiúnta: Síolta, an Creat Cáilíochta Náisiúnta (LOFL, 2006) agus Aistear, Creatchuraclam Náisiúnta na Luathbhlianta (CNCM, 2009). Cuirtear an clár ar fáil i naíolanna pobail neamhbhrabúis agus i naíolanna príobháideacha araon.

An Clár Cáilíochta

Tar éis imní a ardaíodh i dtuairisc meáin 'A Breach of Trust' (RTÉ, 28 Bealtaine 2013), thug an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige ag an am, Frances Fitzgerald TD, breac-chuntas ar a tiomantas agus a clár oibre maidir le feabhas a chur ar cháilíocht i seirbhísí réamhscoile. I measc na ngealltanais bhí cur i bhfeidhm an dá chreat cleachtais náisiúnta – Síolta (LOFL, 2006) agus Aistear (CNCM, 2009); athbhreithniú ar an gcigireacht ar sheirbhísí luathbhlianta, lena n-áirítear córas cigireachta luathoideachais; agus athbhreithniú ar an gcóras oiliúna gairmiúla do chleachtóirí luathoideachais. Ba é an fógra ba shuntasáí ná gealltanais d'infheistíocht mhéadaithe bhreise chun tacú le tabhairt isteach na bliana réamhscoile saor in aisce (RLCMLÓ, 2022).

Seirbhísí Luathbhlianta a Rialáil

Ba phiosa suntasach reachtaíochta é Acht na Leanaí (1908) maidir le cúram leanaí in Éirinn, a thug isteach oideachas éigeantach agus a thug stádas dlíthiúil ar leith do leanaí (Kiernan agus Walsh, 2004).

Ba é seo an reachtaíocht phríomha um chúram leanaí go dtí go gcuireadh Acht na Leanaí 2001 (Hayes, 2002) ina ionad beagnach céad bliain níos déanaí. Thug Cuid VII den Acht um Chúram Leanaí 1991 éifeacht do na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) 1996 (Rialtas na hÉireann, 1996). Rinne Rialacháin 1996 agus Rialacháin leasaithe 1997 – na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Leasú) 1997 (Rialtas na hÉireann, 1997) – soláthar don chéad chóras fógra agus iniúchta ar sheirbhísí OCL in Éirinn. Tháinig Rialacháin nua – na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh. 2) (Leasú) 2006 (Rialtas na hÉireann 2006) – in ionad na rialachán tosaigh sin in 2006 agus leag na Rialacháin nua béim níos mó ar fhorbairt iomlánaíoch an linbh mar atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta Leanaí (2000), agus de réir na moltaí atá in Thematic Review an ECFE (ECFE, 2004). Is iad na rialacháin reatha nach mór do sheirbhísí luathbhlianta in Éirinn cloí leo go dleathach ná Rialacháin 2016 an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Rialtas na hÉireann, 2016).

I measc na gcineálacha seirbhísí OCL atá ar fáil in Éirinn faoi láthair, mar atá leagtha amach i rialacháin 2016, tá seirbhísí seisiúnacha, a sholáthraíonn seirbhísí OCL ar feadh tréimhse ama áirithe i rith an lae, seirbhísí lánaimseartha, a sholáthraíonn seirbhísí OCL i rith an lae, agus seirbhísí páirtaimseartha, a sholáthraíonn seirbhísí OCL idir 3.5 agus 5 huaire sa lá. D'fhéadfadh go gcuimseodh seisiúin pháirtaimseartha seirbhís réamhscoile sheisiúnach do leanaí réamhscoile nach bhfreastalaíonn ar an tseirbhís de chúram lae páirtaimseartha (Rialtas na hÉireann, 2016).

Tomhaiseann rialacháin cúraim leanaí a ndéanann TUSLA cigireacht orthu cáilíocht struchtúrach agus phróiseála faoi cheithre phríomhréimse, mar atá leagtha amach sa Chreat Cáilíochta agus Rialála (TUSLA, 2018). Ní mór do sholáthraithe luathbhlianta ceanglas rialála a chomhlíonadh i réimsí amhail rialachas, sláinte, leas agus forbairt an linbh, sábháilteacht agus áitribh, agus áiseanna. Athrú suntasach do sholáthraithe luathbhlianta nuair a tugadh isteach rialacháin 2016 ba ea an ceanglas a seirbhís luathbhlianta a chlárú le TUSLA, i gcomparáid leis an gcóras fógartha a bhí i bhfeidhm roimhe sin. Maidir le soláthar seirbhísí, thug rialacháin 2016 ceanglas isteach go mbeadh rochtain ag gach leanbh ar an taobh amuigh ar bhonn laethúil. Ceanglas suntasach cáilíochta a bhí ann ná go mbeadh cáilíocht Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ar a laghad ag gach duine a oibríonn go díreach le leanaí

Cigireachtaí Fócasaithe ar Oideachas sna Luathbhlianta

Tar éis tabhairt isteach na scéime OCL in 2011, d'iarr an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ) ar chigireacht luathbhlianta na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS) cigireachtaí fócasaithe oideachais a dhéanamh ar sheirbhísí luathbhlianta a bhí rannpháirteach sa chlár. Dhírigh na cigireachtaí ar cheithre réimse: Réimse 1 – cáilíocht an chomhthéacs chun tacú le foghlaim agus le forbairt leanaí; Réimse 2 – cáilíocht na bpróiseas chun tacú le foghlaim agus le forbairt leanaí; Réimse 3 – Cáilíocht eispéiris foghlama agus ghnóthachtáil na bpáistí;

Réimse 4 – Cáilíocht na bainistíochta agus na ceannaireachta don fhoghlaim. Tá Treoir um Chigireacht Oideachais Luathbhlianta (COL) (ROS, 2018) ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS 2022).

An Chéad 5: Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlach 2019 – 2028

Tá sé mar aidhm ag An Chéad 5 (RLGÓ, 2018) saol na naíonán, na leanaí óga agus a dteaghlach a fheabhsú. Is plean 10 mbliana í lena chinntiú go mbíonn eispéiris dhearfacha luatha ag gach leanbh agus go bhfaigheann siad tús maith sa saol.

Mar an chéad straitéis luathbhlianta, féachann sí lena chinntiú go mbíonn ‘tús láidir agus comhionann ag leanáí óga’ (RLGÓ, 2018, lch.3). Leagtar amach sa straitéis fíis don luath-óige atá luachmhar agus criticiúil, agus a bhaineann le pobail thacúla agus le seirbhísí comhtháite. Aithnítear cúig chéim mhóra chun saol leanáí óga a fheabhsú agus áirítear leo (1) roghanna leathana solúbtha a sholáthar do thuismitheoirí chun cothromaíocht a fháil idir obair agus cúram leanáí. Leagtar amach sa straitéis (2) samhail nua tacaíochta do thuismitheoirí agus (3) forbairtí nua chun tacú le sláinte leanáí. Aithníodh athchóiriú ar an gcóras “Foghlaim agus Cúram na Luath óige” (FCL), ar téarma nua é a aithníodh sa straitéis don earnáil OCL, chun inacmhainneacht, inrochtaineacht agus cáilíocht a fheabhsú. Áiríonn an Straitéis gealltanús chun (4) athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras luathfhoghlama agus cúraim, chun lucht saothair faoi cheannas céimithe, samhail nua mhaoinithe, agus rialáil feighlithe leanáí agus cúraim leanáí in aois scoile a áireamh. Áirítear sa straitéis freisin (5) bearta maidir le dul i ngleic le bochtaineacht na luath-óige, lena n-áirítear FCL saor in aisce agus/nó fóirdheontas agus tabhairt isteach cláir saor-bhéilí i roinnt suíomhanna FCL. Tá plean forfheidhmithe agus tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn ar fáil ar shuíomh gréasáin Rialtas na hÉireann “An Chéad 5” (Rialtas na hÉireann, 2022)

Forbairt Lucht Saothair

Tá An Chéad 5 (RLGÓ, 2019) tiomanta d’fhórsa saothair faoi stiúir céimithe faoi 2028 agus do dheiseanna FGL a sholáthar don earnáil FCL. Aithnítear i Scileanna a Chothú: An Plean Lucht Oibre don Luathfhoghlaim agus Cúram agus Cúram Leanáí in Aois Scoile 2022 – 2028 (Rialtas na hÉireann, 2021):

Lucht saothair gairmiúil dea-cháilithe, oilte, éagsúil agus luachmhar atá dírithe ar chearta, riachtanais agus acmhainneacht leanáí agus a sholáthraíonn eispéiris ardchaighdeáin do leanáí i gcomhpháirtíocht le teaghlaigh, agus a leanann dá fhorbairt ghairmiúil a chur chun cinn laistigh de chóras comhleanúnach agus inniúil (Rialtas na hÉireann, 2021, lch.2)

An aidhm atá le Scileanna a Chothú (2021) ná straitéis a leagan amach don earnáil FCL chun tacú le proifisiúin leanúnach na hearnála agus chun deiseanna a thabhairt do dhaoine aonair atá ag obair san earnáil d’fhorbairt gairme agus aitheantas gairmiúil (Rialtas na hÉireann, 2021). In Éirinn faoi láthair tá an earnáil FCL á meas faoina luach agus tá pá ró-íseal á fáil ag na hoibrithe. Tá roinnt leasuithe suntasacha déanta san earnáil, lena n-áirítear tabhairt isteach na bliana réamhscoile saor in aisce in 2011, agus an dara bliain réamhscoile saor in aisce in 2016; an ceanglas go mbeadh íoscháilíocht bhunúsach ag gairmithe FCL, mar atá leagtha amach i Rialacháin an Achta um Chúram Leanáí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 (Rialtas na hÉireann, 2016); tabhairt isteach Cigireachtaí Fócasaithe ar Oideachas sna Luathbhlianta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna in 2018, agus tabhairt isteach na Samhla Rochtana agus Cuimsithe (SRC) in 2016, gan ach roinnt a lua. Mar sin féin, tá téarmaí agus coinníollacha na hearnála FCL in Éirinn fós lag. Tá na gníomhartha atá leagtha amach sa Phlean Lucht Saothair 2022 – 2028 eagraithe faoi chúig cholún: (1) creat gairme a bhunú don earnáil; (2) leibhéil cháilíochta a ardú san earnáil; (3) córas náisiúnta FGL a fhorbairt don earnáil; (4) tacú le hearcaíocht, le coinneáil agus le héagsúlacht na hearnála; agus (5) bogadh i dtreo rialáil na gairme. Cé go bhfuil fíis an phlean forbartha lucht saothair uailmhianach, ní bheidh sé éifeachtach gan maoiniú coibhéiseach chun tacú lena chur i bhfeidhm.

Comhthéacs Reatha SOL in Éirinn

Aithnítear in Annual Early Years Sector Profile Report 2019 – 2020 (Pobal, 2021) gur cláraíodh 180,149 leanbh ar chlár fóirdheontais amháin ar a laghad de chuid an Rialtais i rith na bliana cláir 2019/2020 (19 Lúnasa 2019 – 14 Lúnasa 2020), agus gur bhain 105,975 leanbh leas as an scéim COL.

Laghdú a bhí sna huimhreacha seo ar bhlianta roimhe sin, mar gheall ar thionchar COVID-19 (Pobal, 2020). Rinneadh conradh le 4,690 seirbhís a bhí ag feidhmiú i rith na bliana chun ar a laghad ceann amháin de na ceithre chlár mhaoinithe RLCMLÓ a sholáthar. Ba í an mheántáille sheachtainiúil ná €186.12 (méadú €1.76 nó <1%) do sheirbhísí páirtaimseartha agus €73.90 (méadú €0.60 nó <1%) do sheirbhísí seisiúnacha (Pobal 2021, lch.11). Deimhníonn an tuarascáil go bhfuil thart

ar 30,883 ball foirne ag obair san earnáil FCL agus cúraim leanaí in aois scoile, agus oibríonn 26,294 (85%) díobh go díreach le leanaí (Pobal 2021, lch.12). Deimhníonn an tuarascáil freisin go bhfuil cáilíochtaí ag Leibhéal 5 CNC nó níos airde ag 94% den fhoireann a oibríonn go díreach le leanaí, agus go bhfuil cáilíochtaí ag Leibhéal 6 CNC nó níos airde ag 69% den fhoireann. Tá méadú tagtha ar chomhréir na foirne a oibríonn go díreach le leanaí a bhfuil cáilíocht CNC Leibhéal 7 acu ó 2015/2016 agus, ag am na tuarascála, tá cáilíocht ag Leibhéal 7 CNC nó níos airde ag 27% den fhoireann a oibríonn go díreach le leanaí. Is eagraíochtaí príobháideacha (ar bhrabús) a fheidhmíonn formhór na seirbhísí FCL agus CLAS. In 2019/2020 b'ionann seirbhísí príobháideacha agus 74% (3,476) de na seirbhísí go léir a fuarthas ar conradh chun ceann amháin ar a laghad de na cláir mhaoinithe a sholáthar, agus b'ionann cláir phobail agus an 26% eile (1,214) (Pobal 2021, lch. 41).

Aithníonn an litríocht a léirbhreithníodh don staidéar seo na hathruithe gasta a raibh tionchar acu ar an earnáil OCL le fiche bliain anuas in Éirinn. Faoi láthair, tá córas scoilte i bhfeidhm in Éirinn; breathnaítear ar chúram agus oideachas ó pheirspictíocht na reachtaíochta mar rudaí ar leithligh. Mar a thugann Start Strong (2010) le fios, áfach, tá nasc dlúth idir an dá rud sin.

OCL agus Tionscadail Eorpacha

Deimhnítear in Erasmus+ School Education: The Impact of Mobility Projects on the Professional Development of Staff (D'Arcy, 2022) gur tugadh le chéile in Erasmus+ (clár an AE um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt), a bhfuil beartas an AE (2014 - 2020) mar bhonn agus mar thaca aige, na tionscadail go léir roimhe sin a bhí i bhfeidhm faoin gClár um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil (CFFS), amhail Comenius, clár a d'éascaigh soghluaisteacht daoine aonair sa chóras oideachais scoile. Is é an clár reatha - clár Erasmus+ 2021 go 2027 - an clár inar féidir le heagraíochtaí a fhorbraíonn plean forbartha Eorpach iarratas a dhéanamh go bliantúil mar chuid den tsraith shoghluaisteachta Príomhghníomh (PG) 1 do thionscadail ghearrthéarmacha a mhaireann idir 6 agus 18 mí. Chomh maith leis sin, faoi PG1 d'fhéadfadh deis a bheith ag oideoirí páirt a ghlacadh i gcúrsaí oiliúna nó tabhairt faoi ghníomhaíochtaí scáthaithe poist. In Éirinn, tá clár oideachais scoile Erasmus+ á bhainistiú ag an ngníomhaireacht náisiúnta, Léargas.

Rianaigh Hughes (2021) conairí pearsanta agus gairmiúla na gcéimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna in Éirinn a maoiníodh faoi chlár shoghluaisteachta Erasmus+ 2014 - 2020 agus Leonardo da Vinci 2007 - 2013. San earnáil OCL, is eagraíocht bhallaíochta í Luath-Óige Éireann (LÉ) a thacaíonn le breis agus 3,800 ball a oibríonn le níos mó ná 120,000 leanbh agus teaghlach a dhéanann rochtain ar réamhscoileanna, ar sheirbhísí iarscoile agus ar sheirbhísí cúraim lae (LÉ, 2022). Deimhníodh i dtuarascáil a cuireadh i láthair le déanaí ag malartú Erasmus+ i mí an Mheithimh 2022, arna óstáil ag Léargas agus ag LÉ, gur ghlac LÉ páirt in 12 thionscadal PG1 ó 2012 i leith, le cuairteanna staidéir cúig lá ar thíortha amhail an Iodáil, an Ghearmáin, an Iorua, Albain agus an tSualainn. D'éirigh go maith freisin le LÉ i gcás 6 thionscadal PG2 le 27 tír chomhpháirtíochta Eorpacha. Forbraíodh raon aschuir a bhaineann leis an earnáil OCL agus tá siad ar fáil lena rochtain ar líne. Áirítear leis na haschuir seo modúil FGL ar aistriú dearfacha go bunscoileanna, trí mhodúil FGL ar inniúlachtaí páistelárnacha, creat d'institiúidí luath-óige agus ardoideachais, oiliúint d'fheighlithe leanaí, agus bosca uirlisí chun oiliúint den sórt sin a bhailíochtú.

Mar is amhlaidh le gach gníomhaíocht eile, rinneadh an tsoghluaisteacht oideachais agus oiliúna ar fud na hEorpa a athrú ó bhonn agus cuireadh deireadh le tionscadail shoghluaisteachta i mí an Mhárta 2020. Mar sin féin, níor chuir sé seo cosc ar thionscadail dul chun cinn ar líne, mar shampla an Tionscadal ar Aistriú na Luathbhlianta - Ionad Oideachais an Chláir (D'Arcy, 2022) inar tugadh turais threoirithe do thuismitheoirí agus inar cuireadh múinteoirí in aithne dóibh ar líne chun tacú le haistriú a bpáistí ón réamhscoil go dtí an bhunscoil. Sa tionscadal comhoibríoch seo, thug 32 múinteoir ó 13 scoil áitiúla sa Chlár faoi chúrsaí oiliúna struchtúrtha sa Ghréig agus sa Chróit, áit ar roinn siad agus inar phléigh siad Aistear le comhghleacaithe idirnáisiúnta. Mar thoradh air seo 'Staff awareness and understanding of other cultures and countries increased, offering staff the opportunity to build networks of international contacts' (D'Arcy, 2022, lch.13). Nuair a tháinig deireadh le srianta i samhradh na bliana 2021 léiríodh spéis athnuaithe i gcomhoibríthe idirnáisiúnta trí shoghluaisteacht agus trí thionscadail ar líne. Tá deiseanna le haghaidh comhoibríthe den sórt sin agus deiseanna le haghaidh soghluaisteacht oideachais

agus oiliúna mhaoinithe san Eoraip thar a bheith tábhachtach agus muid ag tabhairt aghaidh ar éiginnteacht eacnamaíoch, iar COVID agus iar-Brexit.

Modheolaíocht

Staidéar mionscála a bhí i gceist anseo agus aidhm aige measúnú a dhéanamh ar cé acu an mbeadh eTwinning ina leas agus/nó ina bhuntáiste dóibh siúd san earnáil luathbhlianta. Cuireann eTwinning ardán ar fáil don fhoireann (múinteoirí, príomhoidí, leabharlannaithe, srl.) a oibríonn i scoil i gceann de na tíortha Eorpacha atá i gceist, ionas gur féidir le baill den fhoireann cumarsáid a dhéanamh, comhoibriú lena chéile, tionscadail a fhorbairt, rudaí a roinnt agus, go hachomair, mothú agus a bheith mar chuid den phobal foghlama is spreagúla san Eoraip. Glacadh le cur chuige modhanna measctha, a bhain úsáid as modhanna cáilíochtúla agus as modhanna cainníochtúla araon. Go ginearálta úsáidtear modhanna cáilíochtúla chun eispéiris, creidimh, tuairimí agus eispéiris chónaithe a léirmhíniú agus a thuiscint, a ndéantar códú agus téamaí orthu an-sin (Braun agus Clarke, 2012). Áirítear le modhanna cainníochtúla sonraí uimhriúla, amhail scálaí grádáin agus suirbhéanna, a bhailítear agus a ndéantar anailís orthu (Bloomfield agus Fisher, 2019). Bhain an staidéar reatha úsáid as suirbhé a chomhordaigh sonraí uimhriúla agus sonraí neamhuimhriúla araon. Cuireadh an suirbhé faoi bhráid Choiste um Eitic an Choláiste Fhorásaigh lena fhaomhadh i bhFeabhra 2022 agus faomhadh an suirbhé toisc nach raibh fianaise ar aon saincheisteanna eiteiciúla. Tairgeadh an suirbhé féin mar shuirbhé rogha an diúltaithe, áit a bhféadfadh rannpháirtithe cinneadh a dhéanamh chun an ceistneoir a líonadh isteach.

Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar an litríocht a bhaineann le OCL in Éirinn ó chomhthéacs stairiúil agus reatha, chuir na húdair ceisteanna ar shuirbhé struchtúrtha chun féachaint an bhféadfaí úsáid a bhaint as an gcoincheap eTwinning in earnáil na luathbhlianta. Tá eTwinning in úsáid i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna ar fud na hEorpa, le 233,744 scoil rannpháirteach faoi láthair (Léargas 2023). Ceapadh ceisteanna an tsuirbhé chun an soláthar seirbhíse reatha, méid na seirbhíse, ról an fhreagróra a chomhlíon an suirbhé, agus suíomh (uirbeach, fo-uirbeach nó tuaithe), a fháil amach, agus ó thaobh caighdeán de, na buntáistí agus na dúshláin a bhraitear a bhaineann le páirt a ghlacadh in eTwinning. Baineadh úsáid as Microsoft Teams (Forms) agus Survey Monkey® chun an suirbhé a chruthú. Scaipeadh an suirbhé go forleathan i measc na ngrúpaí páirtithe leasmhara ábhartha ar fud ardáin na meán sóisialta (Facebook, Pobail um Chleachtais Ionadaíochta na Luathbhlianta, Twitter, Instagram, etc.), Coistí Contae um Chúram Leanáí, seirbhísí luathbhlianta, oideoirí luathbhlianta, agus mic léinn cúram & luathbhlianta. cláir oiliúna oideachais. San iomlán, tugadh 57 suirbhé ar ais – 53 ar Microsoft Forms agus 4 chinn ar Survey Monkey®. Scaipeadh an suirbhé ar dtús i mí an Mhárta 2022, ach toisc nár thug ach líon beag rannpháirtithe ar ais é, rinneadh cinneadh é a choinneáil ar oscailt ar feadh tréimhse níos faide, féachaint an dtiocfadh ardú ar ráta na rannpháirtithe. Dúnadh an suirbhé ag deireadh mhí an Mheithimh 2022 (féach an Fhoscríbhinn le haghaidh liosta ceisteanna suirbhé a cuireadh).


Torthaí

San iomlán, comhlánaíodh (n=57) ceistneoir: (n=54) ar Microsoft Forms agus (n=4) ar Survey Monkey®. Bhí (n=8) gceist sa cheistneoir ar líne (féach Foscríbhinn). Bhí sé mar aidhm ag an gceistneoir féachaint an raibh spéis ag an earnáil OCL in Éirinn rochtain a fháil ar ardán eTwinning ar leith. Chuirfeadh an t-ardán eTwinning OCL seo deiseanna ar fáil do shuíomhanna OCL in Éirinn nascadh lena leithéidí OCL san Eoraip. Cosúil leis na háiseanna eTwinning atá ar fáil do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna na hÉireann chun eTwinning a dhéanamh lena leithéidí Eorpacha.

Deimhníonn torthaí Cheist 1 gur aithin 35% (n=20) de na daoine aonair (n=57) a chríochnaigh an suirbhé ar líne gur úinéirí suíomhanna OCL iad. D'aithin 35% eile (n=20) mar bhainisteoirí, d'aithin 5.2% (n=3) mar cheannairí foirne, d'aithin 14% (n=8) mar oideoirí OCL agus d'aithin 10.5% (n=6) mar 'eile' (féach Figiúr 1 thíos). Thug Ceist 4 cuireadh do rannpháirtithe breac-chuntas a thabhairt ar cad dó ar féidir le 'eile' tagairt a dhéanamh dó. D'aithin beirt (n=2) de na freagróirí 'eile' seo

mar léachtóirí OCL, d'aithin (n=1) duine aonair mar sholáthraí de sheirbhís cúraim lae iomláin faoin aer, agus thairg daoine aonair eile cineál seirbhíse a chuimsigh freisin seirbhís um Chúram Leanaí in Aois Scoile (CLAS).

Próifíl Rannpháirtí



FIGIÚR 1: PRÓIFÍL RANNPHÁIRTÍ

Nuair a fiafraíodh ar rannpháirtithe i gCeist 2 cén spéis a bheadh acu i bpáirt a ghlacadh i dtionscadal eTwinning (féach Figiúr 2 thíos), dheimhnigh na húinéirí (n=20) go raibh spéis mhór ag 35% (n=7) agus go raibh beagán spéise ag 45% (n=9). San iomlán, dheimhnigh 10% (n=2) d'úinéirí go raibh siad neodrach agus ní raibh aon spéis ag 10% eile (n=2).

Dheimhnigh (n=20) de bhainisteoirí a d'fhreagair an cheist seo go raibh spéis mhór ag 20% (n=4) agus go raibh beagán spéise ag 55% (n=11) de na bainisteoirí. San iomlán, d'aithin 15% (n=3) de bhainisteoirí go raibh siad neodrach, agus dheimhnigh 10% (n=2) de bhainisteoirí nach raibh spéis acu ann ar chor ar bith. Rinne an triúr ceann foirne trí rogha difriúla: Dheimhnigh 33.3% (n=1) nach raibh spéis éigin acu, bhí spéis éigin ag 33.3% (n=1) agus bhí spéis mhór ag 33.3% (n=1). Bhí spéis mhór ag beirt 25% (n=2) de na hoideoirí luath-óige, agus bhí beagán spéise ag 50% (n=4) de na hoideoirí. Dhearbhagh an 25% eile (n=2) d'oidoerí luath-óige gur cinnte nach raibh spéis acu i bpáirt a ghlacadh i dtionscadal eTwinning. Dhearbhagh na 'daoine eile' (n=9), ar a raibh léachtóirí OCL, soláthraithe CLAS agus soláthraí seirbhíse a thairg seirbhís cúraim lae iomláin faoin aer, go raibh spéis mhór acu i bpáirt a ghlacadh i dtionscadal eTwinning.





FIGURE 2: PARTICIPANT INTEREST IN PARTICIPATING IN ETWINNING

Cuireadh tuilleadh faisnéise ar fáil i gCeist 3 ar na cineálacha seirbhíse a bhí acu siúd a ghlac páirt sa suirbhé. San iomlán, dheimhnigh (n=20) rannpháirtí go n-oibríonn siad i seirbhís cúraim lae iomláin a thairgeann clár cúraim agus oideachais ar feadh níos mó ná cúig uair an chloig in aghaidh an lae (Rialtas na hÉireann, 2016). B'ionann na daoine a bhí ag obair i seirbhís sheisiúnach suas le 3.5 uair an chloig in aghaidh an lae agus (n=23); d'oibrigh (n=5) i seirbhís pháirtaimseartha a sholáthraíonn seirbhísí OCL ar feadh idir 3.5 huairé agus 5 huairé sa lá (Rialtas na hÉireann, 2016). I measc na naoi nduine eile bhí léachtóirí OCL agus soláthraithe CLAS (féach Figiúr 3 thíos). Áiríodh ceist 5 chun suíomh geografach rannpháirtithe an tsuirbhé a fháil amach. Dheimhnigh na torthaí go raibh (n=27) lonnaithe i gceantair thuaithe, go raibh (n=20) lonnaithe i gceantair uirbeacha, agus go raibh (n=10) lonnaithe i gceantair bhrúachbhailteacha..

Cineál Soláthraí Seirbhíse Luath-Óige



FIGIÚR 3

As na (n=48) soláthraí seirbhíse OCL a ghlac páirt sa suirbhé, tairgeann (n=8) soláthraí saoráidí OCL do níos mó ná 100 leanbh, agus tairgeann (n=16) soláthraí seirbhíse do 50-99 leanbh. San iomlán, cuireann (n=19) soláthraí soláthar OCL ar fáil do 23-49 leanbh, agus éascaíonn 8 (n=8) soláthraí seirbhíse OCL 12 - 22 leanbh. Tairgeann trí (n=3) sholáthraí seirbhíse soláthar OCL do (n=11) leanbh agus cuireann seirbhís amháin seirbhíse OCL ar fáil do níos lú ná (n=10) leanbh.

Comhordaíodh torthaí cáilíochtúla an tsuirbhé seo ó Cheisteanna 7 agus 8, a rinne iniúchadh, faoi seach, ar na tairbhí agus ar na dúshláin a bhraitear a d'fhéadfadh a bheith bainteach le páirt a ghlacadh i dtionscadal eTwinning. Glacadh le cur chuige téamach chun anailís a dhéanamh ar thorthaí Cheist 7 den cheistneoir ar líne. Aithníodh trí théama ar leith: (a) Eispéiris luathbhlianta na leanaí; (2) 'Forbairt ghairmiúil oideoirí na luath-óige'; agus (3) 'Saincheisteanna beartais foghlama agus OCL'.

Téama Cáilíochtúil Ceist 7a: 'Eispéiris Luathbhlianta na Leanáí'

Faoin téama 'Tairbhí Luathbhlianta na Leanáí', d'aithin na rannpháirtithe na buntáistí do leanaí óga i suíomhanna luathbhlianta chun dul i ngleic le píaraí ar fud na hEorpa agus a n-eispéiris a roinnt leo. Snáithe a nascadh le chéile iad ab ea an tábhacht a bhaineann le comhthéacsanna cultúrtha éagsúla a thuiscint.

Mhol rannpháirtí amháin a bhí ag obair in ionad d'iarrthóirí tearmainn agus do dhídeanaithe 'go mbeadh sé go maith a bheith in ann nascadh le leanaí ó thír eile i suíomh comhchosúil agus faisnéis agus smaointe a mhalmartú' (Rannpháirtí 22), agus dheimhnigh (Rannpháirtí 26) gur buntáiste a bhainfeadh le páirt a ghlacadh i dtionscadal eTwinning ná 'na páistí a nochtadh do chultúir eile, idirghníomhú díreach teagmhálach idir mhúinteoirí, agus an saibhreas foghlama a cheadófaí idir tíortha'. Chuir (Rannpháirtí 34) an téama um chothú caidrimh idirchultúrtha in iúl freisin agus mhol an rannpháirtí go gcabhródh rannpháirtíocht i gclár eTwinning 'leis na leanaí foghlaim faoi chultúir eile, caidrimh a thógáil, cabhrú le seineafóibe a laghdú

inár bpobail'. Bhí rannpháirtíocht i dtionscadail eTwinning nasctha freisin le soláthar ardchaighdeán agus le foghlaim ó chomhghleacaithe Eorpacha conas tacú le soláthar leanúnach OCL agus cúraim ar ardchaighdeán.

Téama Cáilíochtúil Ceist 7b: 'Forbairt Ghairmiúil Oideoirí na Luath-Óige'

Chuaigh téama na forbartha gairmiúla trí na sonraí go léir don cheist seo. D'aithin rannpháirtithe conas a d'fhéadfadh rannpháirtíocht i gclár eTwinning tacú le comhoibriú agus le comhroinnt eolais. Aithníodh an tábhacht a bhaineann le cumarsáid a dhéanamh le comhghleacaithe Eorpacha mar dheiseanna d'fhoghlaim chómhálartach agus deiseanna le haghaidh feabhsú nua foghlama, eolais agus cleachtais. Sainaitníodh go raibh na féidearthachtaí maidir le sárchleachtas Éireannach a thaispeáint do lucht éisteachta idirnáisiúnta agus tuiscint níos fearr a fháil ar eispéiris oideoirí luath-óige Eorpacha, thar a bheith tairbheach. Ba théama a aithníodh sna freagraí ar an gceist seo ná níos mó a fhoghlaim faoi chreataí oideolaíochta agus curaclaim Eorpacha agus an fhoghlaim sin a úsáid chun tacú le FGL leanúnach agus meastóireacht ar chleachtas reatha mar phobal cleachtais. Breathnaíodh ar an 'rochtain ar pheirspictíochtaí eile' seo (Rannpháirtí 53) mar dheis agus mar acmhainn chun comhthuisctí a fháil agus eolas a chomhthógáil trí thionscadail chomhroinnte ionchasacha i suíomhanna OCL in Éirinn agus ar fud na hEorpa.

Téama Cáilíochtúil Ceist 7c: 'Saincheisteanna Beartais OCL'

Cé nár luadh beartas sna sonraí, ba léir sna freagraí an tábhacht a bhaineann le bheith mar chuid de chomhphobal Eorpach a thacódh le cleachtas ardchaighdeán agus le proifisiúnú na hearnála OCL in Éirinn.

Deiseanna a bheith ann 'comhoibriú le hearnáil na luath-óige lasmuigh d'Éirinn' (Rannpháirtí 19) nó 'a bheith mar chuid den phobal foghlama is spreagúla san Eoraip' (Rannpháirtí 20). Dar le rannpháirtí eile, tugann eTwinning deiseanna do rannpháirtithe na dtionscadal eTwinning 'eolas a fháil ar thionscadail agus ar smaointe nach mbeadh machnamh déanta [acu] orthu' (Rannpháirtí 27). Cé go raibh líonrú Eorpach ina théama suntasach tríd síos, dheimhnigh Rannpháirtí (43): 'Bheadh eolas idirnáisiúnta chun leasa gach fostaí as seo agus thar lear mar go mbíonn creataí agus curaclaim éagsúla casta uaireanta'. Comhordaíodh na torthaí cáilíochtúla a taifeadh ó Cheist 8, a rinne breithniú ar na dúshlán a bhraitheadh a bheith ag oideoirí OCL agus daoine aonair in Éirinn, faoi thrí théama: (a) 'Am'; (b) 'Bacainní teanga'; agus (c) 'Saincheisteanna rialachais/bainistíochta'.

Téama Cáilíochtúil Ceist 8a: 'Am'

San iomlán, d'aithin 33.33% de na rannpháirtithe (n=19) am mar dhúshlán mór dóibh a bheith rannpháirteach i dtionscadal eTwinning. Bhain an tsaincheist le ham chun cruinnithe a sceidealú, le ham chun ullmhú do chruinnithe, agus le ham a bheith agat chun bheith páirteach sna heispéiris foghlama ar bhealach fóinteach. Mar an gcéanna, labhair na rannpháirtithe ar an ngá atá le ham a ghlacadh chun dul i ngleic agus comhthuisctí a fhorbairt laistigh de shrianta an lae oibre. Sainaitníodh am freisin mar thoisic maidir le criosanna ama éagsúla agus conas a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar rannpháirtíocht.

Téama Cáilíochtúil Ceist 8b: 'Bacainní Teanga'

D'aithin 15% de na rannpháirtithe (n= 8) téama dhúshlán na mbacainní teanga. Bhí an téama seo nasctha le himní faoi acmhainní a roinnt ar fud an ardáin eTwinning.

Téama Cáilíochtúil Ceist 8c: 'Rialachas agus Bainistíocht'

An téama deiridh faoi na dúshlán mheabhairbhraite a bhraith na rannpháirtithe ná saincheisteanna bainistíochta agus rialachais. Léirigh rannpháirtithe inní maidir leis na costais ionchasacha. Aithníodh saineolas teicniúil agus nascacht Idirlín mar ábhair inní i limistéir mar Dhún na nGall freisin.

Aithníodh an RGCS freisin mar dhúshlán féideartha agus inní féideartha.

Plé

Deimhníonn torthaí an cheistneora gur úinéirí nó bainisteoirí ar shuíomh OCL iad 40 de na 57 duine a chomhlánaigh an ceistneoir. San iomlán, d'aithin 11 duine aonair mar cheannairí foirne nó oideoirí agus d'aithin seisear mar 'eile'. Áiríodh leis na daoine 'eile' daoine aonair a oibríonn i suíomhanna CLAS agus léachtóirí/teagascóirí ar chlár oiliúna tosaigh agus ar chlár oiliúna leanúnaí OCL. Is suntasach an rud é gur úinéirí nó bainisteoirí formhór (70%) na ndaoine a chomhlánaigh an ceistneoir agus léiríonn sé na torthaí. San iomlán, dheimhnigh 80% de na húinéirí agus de na bainisteoirí go raibh spéis mhór nó beagán spéise acu i bpáirt a ghlacadh i dtionscadal eTwinning. Dheimhnigh na ceannairí foirne agus na hoideoirí luath-óige a chomhlánaigh an ceistneoir go raibh spéis mhór nó beagán spéise ag beirt as tríú de na ceannairí foirne agus ag seisear as ochtar de na hoideoirí luath-óige in eTwinning. Deimhníonn na torthaí ón gcatagóir 'eile' go raibh spéis mhór acu go léir in eTwinning. Mar sin, bhí spéis mhór nó beagán spéise ag na rannpháirtithe a chomhlánaigh an ceistneoir i bpáirt a ghlacadh in eTwinning mar chuid d'earnáil OCL na hÉireann. Mar an gcéanna, tá sé tábhachtach a admháil gur cinnte nach raibh spéis ag 10% d'úinéirí agus 10% de bhainisteoirí, ná ag 33.3% de cheannairí foirne agus 25% d'oideoirí luath-óige, in eTwinning.

Ós rud é gur úinéirí nó bainisteoirí suíomhanna OCL formhór na rannpháirtithe a chomhlánaigh an ceistneoir, tugann na torthaí le fios go n-aithníonn úinéirí agus bainisteoirí go bhféadfadh buntáistí dearfacha a bheith ag baint le eTwinning ó thaobh straitéise, beartais agus cleachtais de. I gcomparáid leis sin, d'fhéadfadh an 33.3% de cheannairí foirne agus 25% d'oideoirí luath-óige a dheimhnigh nach raibh spéis acu in eTwinning a thabhairt le tuiscint go bhfuil dícheangal idir ardaidhmeanna úinéirí/bainisteoirí don suíomh OCL agus spreagadh na foirne chun dul i ngleic le eTwinning go praiticiúil sa suíomh. Bunaithe ar chomhthéacs na hearnála OCL a soláthraíodh níos luaithe, tá athrú suntasach tagtha ar an earnáil seo in Éirinn agus ionchais mhéadaithe á lorg ó oideoirí luath-óige ar luach saothair beag nó ar luach saothair ar bith. Easpa spéise a bhí mar thoradh air sin, rud a bhí soiléir freisin ón líon íseal oibrithe san earnáil a chomhlíon an ceistneoir. Aithníonn torthaí an staidéir mhionscála seo go soiléir go gcaithfidh buntáistí pearsanta nó gairmiúla a bheith ann d'oideoirí luath-óige agus do cheannairí foirne chun tacú lena rannpháirtíocht más mian leo é sin a dhéanamh.

Oibríonn rannpháirtithe an staidéir go príomha (n=23) i suíomhanna OCL seisiúnacha. Is suíomhanna iad seo a thairgeann clár oideachais agus cúraim ar feadh suas le 3.5 huairte sa lá. Cuireann go leor de na suíomhanna seo an scéim réamh-scoile saor in aisce ar fáil. Mar sin féin, bhí rannpháirtithe spéise comhchosúla (n=20) ann a oibríonn i suíomhanna cúraim lae iomláin. Is díol spéise é gur aithin roinnt soláthraithe 'eile' go gcuireann siad soláthar CLAS neamhspleách ar fáil nó go dtairgeann siad seirbhís fhille a chuimsíonn clubanna bricfeasta agus CLAS; agus dheimhnigh rannpháirtí amháin go dtairgeann sí suíomh cúraim lae iomláin faoin aer. Tá na torthaí seo suimiúil, go háirithe maidir le CLAS, mar ba cheart go mbeadh rochtain ag na leanaí seo ar eTwinning i mbunscoileanna, ach feictear go bhfuil eTwinning ina ábhar spéise do sholáthraithe CLCS. Tá sé chomh tábhachtach céanna líon na soláthraithe cúraim lae iomláin a bhfuil spéis in eTwinning acu a thabhairt faoi deara, mar d'fhéadfadh deiseanna iontacha a bheith ann chun plé a dhéanamh ar sholáthar OCL do naíonáin agus do lapadáin; is minic a dhéantar dearmad ar leanaí faoi thrí bliana d'aois nuair a bhíonn oideachas á plé. Deimhníonn taighde gur sainaitníodh an chéad 1,000 lá de shaol an linbh mar thréimhse uathúil deiseanna, nuair a bhunaítear an bhunsraith don tsláinte, don fhás agus don néarfhorbairt is fearr thar an tsaolré (Cusick agus Georgieff, 2016). Le linn na gcéad trí bliana seo cuirtear na bloic thógála don fhoghlaim ar feadh an tsaol i bhfeidhm (Marmot et al., 2010). Tá suíomh geografach na suíomhanna OCL rannpháirteacha suimiúil freisin, mar aon le méid suíomhanna na ndaoine a léirigh spéis in eTwinning. Léiríodh an spéis ba mhó in eTwinning i suíomhanna meánmhéide a fheastalaíonn ar 23-49 leanbh.

San iomlán, dheimhnigh deich rannpháirtí go n-oibríonn siad i suíomh luathbhlianta i bpobal uirbeach; oibríonn 37 rannpháirtí i suíomh tuaithe nó bruchbhailte. Tá na torthaí seo suntasach nuair a bhreithnímid ar na dúshláin a aithníodh, lena n-áirítear clúdach lag leathanbhanda, iargúlacht tuaithe agus iargúlacht thíreolaíoch, toisc gur oileán í Éire.

Comhordaíodh na buntáistí a bhaineann le eTwinning faoi thrí théama: (1) 'Eispéiris OCL na leanaí'; (2) 'Forbairt ghairmiúil' 'oideoirí OCL; agus (3) 'Saincheisteanna beartais OCL'. Agus eispéiris ardchaighdeán OCL leanaí á mbreithniú, mhol na rannpháirtithe go bhféadfadh eTwinning tacú le tuiscint níos fearr ar chosúlachtaí agus ar dhifríochtaí cultúrtha agus sóisialta. Ina theannta sin, mhol siad go bhféadfadh eTwinning deiseanna a chur ar fáil do leanaí óga a n-eispéiris a roinnt agus foghlaim óna bpiaraí Eorpacha. Aithníodh go gcuireann eTwinning le heispéiris OCL leanaí.

Aithníodh go soiléir na buntáistí d'fhorbairt ghairmiúil oideoirí. D'aithin na rannpháirtithe go dtugann eTwinning deiseanna d'oideoirí OCL comhoibriú le comhghleacaithe Eorpacha, eolas a roinnt, cleachtas Éireannach d'ardchaighdeán a thaispeáint ag leibhéal idirnáisiúnta, agus foghlaim chómhalartach le torthaí dearfacha do leanaí óga a thairiscint. Ó thaobh beartais de, d'aithin rannpháirtithe gur bealach í an rannpháirtíocht in eTwinning chun tacú le proifisiúnú na hearnála OCL in Éirinn agus í a chur chun cinn, ag tógáil ar an bplean forbartha lucht saothair: Scileanna a Chothú (Rialtas na hÉireann 2021). Is mian le rannpháirtithe a bheith aitheanta mar oideoirí gairmiúla OCL, ach is mian leo freisin deis a bheith acu chun bheith rannpháirteach i bhfoghlaim agus i bhforbairt lena bpiaraí Eorpacha. Is é an chéad chéim é eTwinning agus is cinneadh beartais é ardán eTwinning a bheith ann go sonrach don earnáil OCL, ardán a chuirfidh le heispéiris leanaí óga i suíomhanna OCL in Éirinn dar leis na rannpháirtithe. Tacóidh sé freisin le forbairt ghairmiúil agus le proifisiúnú na hearnála OCL in Éirinn.

Cuireadh na dúshláin a d'aithin rannpháirtithe an staidéir le chéile faoi thrí cheannteideal: (1) 'Am'; (2) 'Bacainní teanga'; agus (3) 'Rialachas agus bainistíocht'. Tharraing na rannpháirtithe aird ar an seans go bhféadfadh fadhbanna a bheith ag baint leis an tsaincheist maidir le ham a bheith acu chun páirt a ghlacadh i dtionscadail eTwinning. Ní mór breithniú dáiríre a dhéanamh ar am a bheith ag daoine le dul i mbun tionscadail nach ceanglas rialála iad i gcomhthéacs reatha an OCL in Éirinn. Cé go n-aithnítear am mar dhúshlán, is comhartha é freisin ar shaincheist chórasach níos mó i gcomhthéacs OCL in Éirinn. Is léir ó na sonraí go bhfuil oideoirí OCL in Éirinn spreagtha go bunúsach chun eispéiris OCL leanaí a fheabhsú. Mar sin féin, le stair tearcinfheistíochta gan mórán airde nó tacaíochta d'fhorbairt ghairmiúil agus d'fhoghlaim, agus beagán tacaíochta nó tacaíocht ar bith d'am gan teagmháil, d'aithin oideoirí OCL gur ábhar imní é am a bheith acu chun dul i mbun tionscadail a fheabhsaíonn soláthar ardchaighdeán luathbhlianta agus proifisiúnú na hearnála lasmuigh de na ceanglais rialála agus reachtúla.

D'aithin 15% de na rannpháirtithe téama na teanga mar bhac ar rannpháirtíocht i dtionscadail eTwinning. D'aithin téama eile rialachais agus bainistíochta roinnt réimsí a d'fhéadfadh a bheith dúshlánach. Áiríodh orthu sin saincheisteanna a bhain le leathanbhanda nó le nascacht lag, a d'fhéadfadh a bheith deacair do shuíomhanna luathbhlianta i gceantair áirithe in Éirinn. Leag na rannpháirtithe béim ar na costais fholaíthe a bhaineann le páirt a ghlacadh i dtionscadail eTwinning, go háirithe maidir le cóimheasa daoine fásta/leanaí a chothabháil agus am a chur ar fáil don fhoireann agus do leanaí chun bheith páirteach go hiomlán i dtionscadal eTwinning. Bhí formhór na rannpháirtithe (70%) ina n-úinéirí nó ina mbainisteoirí ar shuíomhanna OCL. I measc na ndúshlán breise a aithníodh bhí saincheisteanna RGCS agus toiliú tuismitheora agus aontú linbh chun páirt a ghlacadh i dtionscadail eTwinning.

CRÍOCH

Rinne foghrúpa den LTLÉ, an foghrúpa ‘Taighde Luath-Óige’, an staidéar féidearthachta seo ar son Léargas. Bhí sé mar aidhm ag an gcleachtadh scóipeála seo iniúchadh a dhéanamh ar leibhéal spéise earnáil an OCL in Éirinn i dtéarmaí rannpháirtíochta i dtionscadail eTwinning atá saindeartha don earnáil OCL. Ba iad baill LTLÉ ón gColáiste um Oideachas Forásach, Campas OTA na Gaillimhe agus Mhaigh Eo agus Coláiste Hibernia a bhí i gceannas ar an bhfoghrúpa a rinne an staidéar. Cuireadh athbhreithniú ar stair agus ar chomhthéacs reatha an OCL in Éirinn i láthair, a chuimsigh breac-chuntas ar rannpháirtíocht earnáil OCL na hÉireann i dtionscadail Eorpacha arna dtacú ag Léargas. Forbraíodh suirbhé agus scaipeadh ar an earnáil é trí líonraí na gcoistí contae i gúram leanaí agus trí ardáin meán sóisialta eile a bhfuil rochtain ag an earnáil OCL orthu in Éirinn.

Ar an iomlán, chomhlánaigh 57 rannpháirtí an suirbhé, a raibh 70% (n=40) díobh ina n-úinéirí nó ina mbainisteoirí ar shuíomh OCL. Ba cheannairí foirne agus oideoirí iad 19% de na rannpháirtithe (n=11) agus roghnaigh 11% (n=6) de na rannpháirtithe ‘Eile’. B’iad na rannpháirtithe ‘eile’ léachtóirí/teagascóirí OCL, soláthraí CLAS agus soláthraí a oibríonn suíomh cúraim lae iomlán faoin aer. Tugann na torthaí deimhniú dearfach go bhfuil rannpháirtithe i bhfabhar ardán eTwinning don earnáil OCL go sonrach, ach freisin chun freastal ar riachtanais na hearnála CLAS atá ag dul i méid, a rialaíodh in Éirinn in 2018. Aithníodh na buntáistí a bhaineann le hardán sonrach a bheith ann don earnáil OCL mar rudaí a chuirfeadh feabhas ar eispéiris cháilíochta OCL do leanaí óga. Leagadh béim ar an bhfeabhsú seo go sonrach maidir le réimse na dtuiscintí sóisialta agus cultúrtha agus maidir le réimse na foghlama cómhálartaí. Leagadh béim ar an luach a bhaineann le hardán eTwinning don earnáil OCL chun tacú le foghlaim ghairmiúil agus le forbairt oideoirí OCL mar bhuntáiste an-dearfach, rud a d’fhéadfadh dul chun cinn a dhéanamh i gcomhar leis an bplean forbartha lucht saothair a foilsíodh le déanaí don earnáil OCL: Scileanna a Chothú (Rialtas na hÉireann, 2021). Cuirfidh na buntáistí rialachais agus bainistíochta a bhaineann le hardán eTwinning a bheith ann go sonrach don earnáil OCL – bunaithe ar thorthaí an staidéir seo – le proifisiúnú breise earnáil OCL na hÉireann in Éirinn, agus tacóidh sé le hearnáil OCL na hÉireann infheictheacht agus láithreach Eorpach dhearfach a bheith aici.

Bhí na dúshlán a d’aithin rannpháirtithe an staidéir bunaithe go príomha ar stádas reatha an OCL in Éirinn. Aithníodh gurb é an dúshlán is suntasaí ná an t-am a bheith agat le tiomantas a thabhairt do thionscadal eTwinning agus páirt ghníomhach a ghlacadh ann. Cé gur aithin 70% d’úinéirí/bainisteoirí am mar dhúshlán don rannpháirtíocht, dheimhnigh 25 (n=2) de na hoideoirí agus 33.3% (n=1) nach raibh spéis ar bith acu i bpáirt a ghlacadh i dtionscadail eTwinning. D’fhéadfadh an dícheangal idir uaimhianta úinéara/bainisteora do sholáthar suíomhanna OCL agus inspreagadh na foirne a bheith nasctha le staid reatha an tsiorathraithe agus an athraithe mhear san earnáil OCL in Éirinn. Aithníodh an comhthéacs seo freisin mar dhúshlán maidir leis an staidéar a dhéanamh, mar gheall ar fhuarchúis na hearnála OCL tráth bailithe na sonraí. I measc na ndúshlán eile a aithníodh bhí teanga mar bhac ar chumarsáid. I measc na ndúshlán rialachais agus bainistíochta bhí saincheisteanna le drochnaisc leathanbhanda agus ceisteanna féideartha RGCS, mar aon le dúshlán a d’fhéadfadh a bheith ann maidir le toiliú tuismitheora agus aontú an linbh chun páirt a ghlacadh i dtionscadail eTwinning.

MOLTAÍ

Tugtar aghaidh ar na moltaí atá bunaithe ar thorthaí an staidéir seo faoi na réimsí seo a leanas: cleachtas, beartas agus taighde.

Cleachtas:

- Ardán eTwinning a fhorbairt a bhaineann go sonrach leis na hearnálacha SOL agus CLAS mar thosaíocht, atá cosúil leis na cinn atá ar fáil do na hearnálacha bunoidreachais agus iar-bhunoideachais in Éirinn agus atá ar aon dul leo.
- Straitéis thras-rannach um maoiniú a bhunú chun tacú le huaireanta gan teagmháil chun oideoirí agus ceannairí foirne OCL a chumasú agus tacú leo chun páirt ghníomhach a ghlacadh i dtionscadail eTwinning go sonrach don earnáil OCL. O Rannpháirtíocht i dtionscadail eTwinning a aithint mar FGL agus mar fhoghlaim neamhfhoirmiúil.

Beartas:

- Ailíniú leis an bplean forbartha lucht saothair don earnáil OCL: Scileanna a Chothú.
- Aitheantas laistigh den dá chreat cleachtais: Aistear (CNCM 2009) agus Síolta (LOFL 2006)

Taighde

- Acmhainní a bhunú lena gcur i bhfeidhm chun tacú le tionscadail taighde gníomhaíochta i suíomhanna OCL bunaithe ar rannpháirtíocht agus ar chomhoibriú idir suíomhanna OCL in Éirinn agus san Eoraip.

Cuirfidh soláthar ardán eTwinning go sonrach don earnáil OCL tuilleadh deiseanna ar fáil d'oidoirí chun rudaí a roinnt lena gcomhghleacaithe Eorpacha agus chun foghlaim uathu. Tá an deis seo ar fáil d'oidoirí bunscoile agus iar-bhunscoile agus tá sé tábhachtach go gcuirtear deiseanna den sórt sin ar fáil d'oidoirí OCL, chun tacú le heispéiris foghlama na saoránach is óige in Éirinn agus chun na heispéiris sin a fheabhsú.

TAGAIRTÍ

Arensberg, C.M. agus Kimball S.T. (1940). 1968. Family and Community in Ireland (dara leagan). Cambridge, Mass.: Harvard University Press.

Bloomfield, J. agus Fisher, M.J., 2019. Quantitative research design. Journal of the Australasian Rehabilitation Nurses Association, 22(2), lgh.27 - 30.

Braun, V. agus Clarke, V., 2012. Thematic analysis. APA handbook of research methods in psychology, Vol 2: Research designs: Quantitative, qualitative, neuropsychological, and biological., 57 - 71. Washington, DC, US: American Psychological Association. Breach of Trust (2013) RTÉ 1, 28 Bealtaine 2013.

An Lárionad Oideachais agus Forbartha don Luath-Óige (LOFL) (2006). Síolta: The National Quality Framework for Early Childhood Education: Infant Classes User Manual, Baile Átha Cliath: An Lárionad Oideachais agus Forbartha don Luath-Óige.

Curtin, C. agus Varley, A. (1984). Children and Childhood in Rural Ireland: A Consideration of the Ethnographic Literature, in C. Curtin, M. Kelly agus L. O'Dowd, Culture and Ideology in Ireland: Studies in Irish Society, 2.

Cusick, S.E. agus Georgieff, M.K. (2016). 'The Role of Nutrition in Brain Development: The Golden Opportunity of the "First 1000 Days"', The Journal of Paediatrics, 175, lgh. 16 - 21. [Ar líne]. Ar fáil ag: <https://www.ncbi.nlm.nih.gov/pmc/articles/PMC4981537/> (arna rochtain an 5 Márta 2023).

D'Arcy, I. (2020). An Evaluation Report of e-Twinning in Ireland. Baile Átha Cliath: Léargas. [Ar líne]. Ar fáil ag: <https://www.leargas.ie/wp-content/uploads/2021/06/Evaluation-of-eTwinning2020.pdf> (arna rochtain an 5 Márta 2023).

D'Arcy, I. (2022). Erasmus+ School Education: The Impact of Mobility Projects on the Professional Development of Staff. Baile Átha Cliath: Léargas. [Ar líne]. Ar fáil ag: <https://6742367.fs1.hubspotusercontentna1.net/hubfs/6742367/Leargas%20School%20Education%20Report.pdf> (arna rochtain an 5 Márta 2023).

An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (2004). National Childcare Strategy Report of the Partnership 2000 Expert Working Group on Childcare. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1999). Ready to Learn/A White Paper on Early Childhood Education. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2018). A Guide to Early Years Education Inspection (COL). Baile Átha Cliath: Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna.

An Roinn Sláinte agus Leanaí (2000). The National Children's Strategy, Our Children/Their Lives. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (2004). Developing Childcare in Ireland: A Review of Progress to End 2003 on the Implementation of the Equal Opportunities Childcare Programme 2000 /2006. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Duignan, M., (2005). 'Talking about quality: Report of a consultation Process on Quality in Early Childhood Care agus Education in Ireland', *Child Care in Practice*, 11(2), lgh. 211 – 230.

Luath-Óige Éireann (2022). 'Léargas: ECEC Exchange: Sharing Challenges agus Successes Around Erasmus + agus Participation for Those Working in the field of ECEC',

Óstán Hilton, Baile Átha Cliath, 14 – 16 Meitheamh 2022

Fahey, T. agus McLaughlin, E. (1999). 'Family agus State', in *Proceedings of the British Academy*, Vol 98, Oxford: Oxford University Press, lgh.117 – 140.

Rialtas na hÉireann (1997). *Na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) 1996 agus na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Leasú) 1997*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Rialtas na hÉireann (2006). *Na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh. 2) 2006 agus na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) (Uimh. 2) (Leasú) 2006*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Rialtas na hÉireann. (2016). *Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Rialtas na hÉireann (2018). *An Chéad 5: Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Rialtas na hÉireann (2021). *Scileanna a Chothú: An Plean Lucht Oibre don Luathfhoghlaim agus Cúram agus Cúram Leanaí in Aois Scoile 2022 – 2028*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Hannan, D.F. agus Katsiaouni, L.A. (1977). *Traditional Families? From Culturally Prescribed to Negotiated Roles in Farm Families*. Economic agus Social Research Institute (ESRI) Research Series. Baile Átha Cliath: An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

Hayes, N. (2013). *Early Years Practice: Getting it Right from the Start*, Baile Átha Cliath: Gill & Macmillan.

Hayes, N. (2002). *Children's Rights, Whose Right? A Review of Child Policy Development in Ireland*, *Studies in Public Policy* 9. Baile Átha Cliath: The Policy Institute, Coláiste na Tríonóide.

Hughes, C. (2021). 'It Made Me Hungry for More': *Tracing the Impact of European Work Placements on the Skills, Attitudes, Education agus Career Paths of Vocational Learners from Ireland/ National Report*. Baile Átha Cliath: Léargas.

Kennedy, A. (2014). 'Understanding Continuing Professional Development: The Need for Theory to Impact on Policy agus Practice', *Professional Development in Education*, 40(5), lgh. 688 – 697.

Kiernan, G agus Walsh, T. (2004). 'The Changing Nature of early Childhood Care agus Education in Ireland', *Irish Educational Studies*, 23(2), lgh. 1 – 18.

Lazarri, A., Picchio, M., agus Musatti, T. (2013). 'Sustaining OCL Quality through Continuing Professional Development: Systemic Approaches to Practitioners' Professionalization in the Italian Context', *Early Years*, 33(2), lgh, 133 – 145.

eTwinning de chuid Léargas (2023). *Ar fáil ag: eTwinning – Léargas (Arna rochtain: an 5 Márta 2023)*.

Marmot, M., Allen, J., Goldblatt, P., Boyce, T., McNeish, D., Grady, M. agus Geddes, I. (2010). 'The Marmot Review: Fair Society, Healthy Lives', The Strategic Review of Health Inequalities in England Post-2010. [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.instituteofhealthequity.org/resources-reports/fair-society-healthy-lives-themarmot-review/fair-society-healthy-lives-full-report-pdf.pdf> (arna rochtain an 5 Márta 2023).

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009). Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige, Baile Átha Cliath: CNCM.

O'Donnell, N. (2018). 'Ireland's Ready to Learn. Páipéar Bán: Then and Now, Literacy Information and Computer Education Journal, 9(1), lgh. 2800 - 2809.

ECFE. (2004). Athbhreithniú Téamach an ECFE ar Pholasaí Oideachais agus Cúraim don Luath-Óige in Éirinn. Páras: An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta.

Oifig an Aire Leanaí (2007). Value for Money Review of the Equal

Opportunities Childcare Programme; Tuarascáil Deiridh. Dublin Fitzpatrick Associates Economic Consultants.

Peleman, B., Lazzari, A., Budginaite, I., Siarova, H., Hauari, H., Peeters, J., agus Cameron, C. (2017). Continuous Professional Development and ECEC Quality: Findings from a European Systematic Literature Review. *European Journal of Education*, 53(1), lgh. 9 - 22. doi:10.1111/ejed.12257.

Pobal (2021). Annual Early Years Sector Profile 2019 - 2020. Baile Átha Cliath: Pobal. Tovey, H. agus Share, P. (2003). *A Sociology of Ireland*. Baile Átha Cliath: Gill & Macmillan Ltd.

Tusla. (2018). Creat Cáilíochta agus Rialála: Seirbhís Cúraim Lae Iomláin agus Seirbhís Cúraim Lae Pháirtaimseartha. Baile Átha Cliath: TUSLA.

Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe (1989). An Coinbhinsiún um Chearta an Linbh, 20 Samhain 1989, na Náisiúin Aontaithe, Sraith Conarthaí, iml. 1577, lch. 3. Ar fáil ag: <https://www.refworld.org/docid/3ae6b38f0.html> (arna rochtain an 5 Márta 2023).

Vandenbroeck, M., Peeters, J., Urban, M., agus Lazzari, A. (2016). 'Introduction', in M. Vandenbroeck, M. Urban, agus J. Peeters (eds), *Pathways to Professionalism in Early Childhood Education and Care*. Londain, an RA: Routledge, lgh. 1 - 14.

FOSCRÍBHINN

Foscscríbhinn: Cóip den cheistneoir

eTwinning sna Luathbhlianta – Staidéar Féidearthachta

Tá cuireadh tugtha don Ghrúpa Sainleasa 'Taighde Luath-Óige', grúpa sainspéise den Líonra Taighde Leanaí, staidéar féidearthachta a dhéanamh thar ceann Léargas, an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainistíochta do thionscadail Eorpacha, le measúnú a dhéanamh an mbeadh eTwinning inspéise agus tairbheach dóibh siúd in Earnáil na Luathbhlianta.

Cuireann eTwinning ardán ar fáil don fhoireann (múinteoirí, ceannairí, leabharlannaithe, etc.), a oibríonn i scoil i gceann de na tíortha Eorpacha atá i gceist, ionas gur féidir le baill den fhoireann cumarsáid a dhéanamh, comhoibriú lena chéile, tionscadail a fhorbairt, rudaí a roinnt agus, go hachomair, mothú agus a bheith mar chuid den phobal foghlama is spreagúla san Eoraip. Tá eTwinning cómhaoinithe ag Erasmus+, an Clár Eorpach um Oideachas, um Oiliúint, um an Óige agus um Spórt. Faoi láthair, ní dhéantar eTwinning a éascú ach amháin i gcórais na mBunscoileanna agus na Meánscoileanna araon, agus tá ag éirigh thar barr leis. Díríonn cláir eTwinning ar chomhoibriú idir pobail agus idir tíortha, agus tá sé mar aidhm acu gné idirnáisiúnta a thabhairt d'obair eagraíochtaí oideachais, eagraíochtaí oiliúna, agus eagraíochtaí óige agus pobail. Ar cheann de na gnéithe is tábhachtaí de eTwinning tá an comhoibriú idir múinteoirí, daltaí, scoileanna, tuismitheoirí agus údarais áitiúla. In eTwinning oibríonn múinteoirí le chéile agus eagraíonn siad gníomhaíochtaí dá gcuid mac léinn. Bíonn ról gníomhach acu, idirghníomhaíonn siad, imscrúdaíonn siad, déanann siad cinntí, bíonn meas acu ar a chéile, agus foghlaimíonn siad scileanna an 21ú haois. Bíonn rannpháirtíocht gach ball den fhoireann i gceist le tionscadail eTwinning.

Tá trí phríomhfheidhm ann, a chuirfear in oiriúint d'earnáil na Luathbhlianta:

1. Suíomh gréasáin tiomnaithe inar féidir le múinteoirí próifíl a chruthú, comhpháirtithe a chuardach, agus a dtionscadail féin a fhorbairt agus a sheachadadh.
2. Rochtain ar 'Twinspace': spás oibre príobháideach agus slán ar líne ina riarann tusa agus do chomhpháirtí, nó do chomhpháirtithe, an tionscadail; is féidir cuireadh a thabhairt do mhic léinn páirt a ghlacadh in Twinspace mar bhaill.
3. Deiseanna foghlama ar líne agus duine le duine a éascú do mhúinteoirí chun a gcuid scileanna, inniúlachtaí agus cur chuige oideolaíoch a fheabhsú.

Is féidir le tionscadail eTwinning a bheith chomh mór nó chomh beag agus is mian leat!

1. Deimhnigh le do thoil cé acu díobh seo a leanas a léiríonn do ról i Lucht Saothair OCL

- Úinéir seirbhíse luathbhlianta
- Bainisteoir seirbhíse luathbhlianta
- Ceann foirne
- Oideoir OCL
- Cúntóir riachtanas speisialta
- Eile

2. Cén suim a bheadh agat i bpáirt a ghlacadh in eTwinning?

- Spéis mhór
- Beagán spéise
- Neodrach

- Gan mhórán spéise
- Gan mhórán spéise
- Spéis ar bith

3. Cé acu de na cineálacha seirbhíse luathbhlianta seo a leanas is mó a léiríonn do sholáthar reatha?

- Cúram lae iomlán
- Seirbhís réamhscoile sheisiúnach (3/3.5 uair an chloig)
- Cúram lae páirtaimseartha (níos mó ná 3.5 uair agus níos lú ná 5 uair an chloig)
- Eile

4. If you chose 'other' in question 3, please specify here

5. Cad é do shuíomh geografach?

- Uirbeach
- Tuaithe
- Bruachbhailteach

6. Cé mhéad leanbh atá ag freastal ar do sheirbhís luathbhlianta?

- 100
- 50 - 99
- 23 - 49
- 12 - 22
- 11
- > 10

7. Cad iad na buntáistí a bhaineann le páirt a ghlacadh in eTwinning, dar leat?

8. Cad iad na dúshláin a bhaineann le páirt a ghlacadh in eTwinning, dar leat?

